C/2025/3321

16.6.2025

# Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/3321)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

**(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)**

**'Binissalem'**

**PDO-ES-A1056-AM02 — 18.3.2025**

1. **Ainm an táirge**

'Binissalem'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint (ATFC)

☐ Tásc Geografach faoi Chosaint (TGFC)

☐ Tásc Geografach (TG)

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☒ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

an Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

An Aireacht Talmhaíochta, Bhia agus Chomhshaoil

Ard-Stiúrthóir an Tionscail Bhia

Fo-Ard-Stiúrthóireacht na Scéimeanna Cáilíochta agus na Feirmeoireachta Orgánaí

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Is leasú caighdeánach é toisc nach ionann é agus aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

1. CUIMSIÚ ESCURSAC MAR CHINEÁL FÍONCHAOR

Tuairisc

Cuireadh an cineál fíniúna Escursac leis chun fíon dearg a dhéanamh.

Leasaíodh pointe 6 den tsonraíocht agus pointe 7 den doiciméad aonair.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Cúiseanna

Áiríodh Escursac mar chineál fíniúna atá oiriúnach chun fíonta ag a bhfuil an ATFC Binissalem a dhéanamh ar na cúiseanna seo a leanas:

— Is cineál áitiúil é atá sa limistéar ó cruthaíodh an ATFC, agus dá bhrí sin tá sé nasctha leis.

— Ó thaobh na talmhaíochta de, feidhmíonn sé go maith agus tá sé dea-oiriúnaithe do na dálaí geografacha áitiúla agus baineann úsáid uisce an-éifeachtúil leis.

— Tá aigéadacht mhaith ann agus cuireann sé le carachtar torthaíoch na bhfíonta ag a bhfuil an ATFC.

2. LAGHDÚ AR AN LEIBHÉAL AIGÉADACHTA IOMLÁINE ÍOSTA

Tuairisc

Laghdaíodh an aigéadacht iomlán íosta go 3,5 g/l d'aigéad tartarach i gcás gach catagóire fíona ag a bhfuil an ATFC sin.

Leasaíodh pointe 2 den tsonraíocht agus pointe 4 den doiciméad aonair.

Cúiseanna

Is é an t-athrú aeráide an príomhchúis leis an leasú sin. De réir staidéar a rinne Ollscoil na nOileán Bailéarach, tháinig méadú ar theochtaí le linn thréimhse aibithe na bhfíonchaor le 30 bliain anuas, rud a d'fhág gur tháinig laghdú ar aigéadacht iomlán na n-úrfhíonta.

Chun na ceanglais íosta aigéadachta a leagtar síos leis an tsonraíocht táirge a chomhlíonadh, ní mór an aigéadacht a chur i gceart trí aigéad tartarach a chur léi, ach cuireann sé sin leis an riosca go mbeidh éagobhsaíocht thartarach agus lochtanna orgánaileipteacha neamh-inmhianaithe ann.

I gcodarsnacht leis sin, níl aon tionchar diúltach ar cháilíocht an fhíona ag laghdú na haigéadachta iomláine go 3,5 g/l d'aigéad tartarach.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Binissalem

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

4. Fíon súilíneach

a. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 — Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *FÍON – fíonta dearga*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Bíonn déine datha idir meánach agus meánach-ard ina shaintréith d'fhíonta a bhfuil ≤ 12 g/l siúcra iarmharach iontu agus bíonn dea-bholaithe torthaí dearga aibí agus bolaithe plandúla sa chúlra orthu. Sa bhéal, bíonn siad te, feolmhar, dea-struchtúrtha, cothromaithe agus bíonn iarbhlas fada orthu.

Bíonn déine datha idir meánach agus meánach-ard ina shaintréith d'fhíonta ina bhfuil > 12 g/l siúcra iarmharach agus bíonn dea-bholaithe torthaí dearga an-aibí agus rísíní orthu. Sa bhéal, bíonn siad te, milis, dea-struchtúrtha, bíonn iarbhlas fada orthu agus bíonn cothromaíocht mhaith aigéadachta agus milseachta iontu.

Bíonn dea-bholaithe ar saintréith d'aosú iad ar fhíonta a aosaítear i mbairillí, ar fíonta iad a mbíonn rian d'adhmad le brath orthu agus ar a mbíonn dea-bholaithe spíosraithe.

* Cion sulfair iomlán uasta 150 go 300, ag brath ar shiúcraí dí-ocsaídithe.

* I gcás nach bhfuil teorainneacha sonraithe, ní mór reachtaíocht an Aontais atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11,5.

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 0,8

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

2. *FÍON – Fíonta rosé*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Fíonta ina bhfuil ≤ 12 g/l de shiúcra iarmharach, bíonn siad geal agus glan de ghnáth, agus bíonn dea-bholaithe príomha de thorthaí dearga orthu. Sa bhéal, bíonn siad cothromaithe agus bíonn iarbhlas fada orthu.

Bíonn cuma ghlan agus gheal ar fhíonta ina bhfuil > 12 g/l de shiúcra iarmharach agus bíonn dea-bholaithe torthaí dearga aibí orthu. Sa bhéal, bíonn siad te, milis, cothromaithe agus bíonn iarbhlas fada orthu.

Bíonn dea-bholaithe ar saintréith d'aosú iad ar fhíonta a aosaítear i mbairillí, ar fíonta iad a mbíonn rian d'adhmad le brath orthu agus ar a mbíonn dea-bholaithe spíosraithe.

* Cion sulfair iomlán uasta 180 go 300, ag brath ar shiúcraí dí-ocsaídithe.

* I gcás nach bhfuil teorainneacha sonraithe, ní mór reachtaíocht an Aontais atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 0,8

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

3. *FÍON – Fíonta geala*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Bíonn fíonta ina bhfuil ≤ 12 g/l de shiúcra iarmharach glan agus geal, agus bíonn dea-bholaithe torthaí bána amhail piorraí agus úll, agus bolaithe citris orthu. Bíonn fíonta a dhéantar as cineálacha fíniúna Moscatel an-aramatach agus bíonn a ngnáth-dhea-bholaithe orthu. Go ginearálta, bíonn na fíonta geala úr, dian agus cothromaithe.

Bíonn fíonta ina bhfuil > 12 g/l de shiúcra iarmharach glan agus geal agus bíonn dea-bholaithe torthaí bána aibí orthu. Bíonn siad milis agus miliúil agus bíonn cothromaíocht mhaith aigéadachta agus milseachta iontu, agus iarbhlas fada orthu.

Bíonn fíonta a dhéantar as cineálacha fíniúna Moscatel an-aramatach agus bíonn a ngnáth-dhea-bholaithe orthu. Bíonn dea-bholaithe ar saintréith d'aosú iad ar fhíonta a aosaítear i mbairillí, ar fíonta iad a mbíonn rian d'adhmad le brath orthu agus ar a mbíonn dea-bholaithe spíosraithe.

* Cion sulfair iomlán uasta 180 go 300, ag brath ar shiúcraí dí-ocsaídithe.

* I gcás nach bhfuil teorainneacha sonraithe, ní mór reachtaíocht an Aontais atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 10,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 0,8

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

4. *FÍON SÚILÍNEACH*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Bíonn na fíonta súilíneacha geala geal agus glan, agus bíonn dea-bholaithe saintréitheacha torthaíocha agus cothaitheacha orthu. Bíonn siad úr, bríomhar, dian, bíonn iarbhlas fada orthu agus bíonn siad an-fhíneálta.

Bíonn na fíonta súilíneacha *rosé* geal agus glan, agus bíonn dea-bholaithe torthaí dearga úra orthu, bíonn iarbhlas fada orthu agus bíonn siad an-fhíneálta.

* I gcás nach bhfuil teorainneacha sonraithe, ní mór reachtaíocht an Aontais atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 10,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 0,8

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 180

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

a. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1.

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Láimhseáiltear na fíonchaora, an t-úrfhíon agus an fíon, agus déantar faireachán ar choipeadh agus ar fhorbairt, chun an cháilíocht uasta agus carachtair thraidisiúnta na stíleanna fíona ag a bhfuil an t-ainmniúchán faoi chosaint a tháirgeadh. Tá saoráidí sna háitribh ina ndéantar an t-aibiú chun na fíonta a aosú, rud a ráthaíonn cáilíocht. Is é ≥ 10 % neart alcóil iomlán de réir toirte na mbunfhíonta a úsáidtear chun fíonta súilíneacha a dhéanamh.

Uastáirgeacht: 0,72 hl d'fhíon in aghaidh 100 kg d'fíonchaora.

Is féidir, go heisceachtúil, é sin a mhéadú go 0,74 hl d'fhíon in aghaidh 100 kg d'fíonchaora.

Fíon dearg: ≥ 30 % cineálacha fíniúna Manto Negro agus ≤ 30 % cineálacha fíniúna Gorgollassa.

Fíon geal: ≥ 50 % cineálacha Moll nó Moscatel.

Fíon *rosé* agus fíon súilíneach *rosé*: ≤ 30 Gorgollassa.

Fíon súilíneach geal: ≥ 50 % Moll agus gan cineálacha Moscatel.

2.

Srian ábhartha ar dhéanamh na bhfíonta

Chun úrfhíon nó fíon a eastóscadh, ní fhéadfar ach córais mheicniúla a úsáid nach ndéanann damáiste do chodanna soladacha na dtriopall fíonchaor ná nach ndíláithríonn iad. Go sonrach, ní cheadaítear brúiteoirí lártheifeacha ardluais ná fáisceáin leanúnacha a úsáid. Cleachtais trína ndéantar na fíonchaora a réamhthéamh nó na húrfhíonta nó na fíonta a théamh nuair atá an marc fíonchaor iontu chun eastóscadh an ábhair dathúcháin a bhrú, ní cheadaítear iad chun fíonta a bhfuil an ATFC Binissalem acu a dhéanamh.

Féadfaidh an Bord Rialála cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcineál pacáistíochta agus leis an gcóras chun na fíonchaora buainte a iompar chun meathlú ar an gcáilíocht a chosc.

3.

An modh saothraithe

Tá cleachtais i bhfeidhm chun an cháilíocht agus an tsainiúlacht is airde a bhaint amach le haghaidh na bhfíonta.

Is é 2 225 phlanda/ha an dlús plandaithe íosta, ag brath ar na hithreacha, ar na cineálacha agus ar na córais treoraithe. Úsáidtear cuachphrúnáil nó treilísiú.

Is féidir uisciú a údarú faoi réir modhanna agus coinníollacha sonraithe, tar éis staidéir theicniúla nó i gcás ina bhfuil údar leis de bharr dálaí aeráide.

Is é 10 % an neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte i gcás cineálacha geala agus 10,5 % i gcás cineálacha dearga.

b. *Uastáirgeacht*

1. Cineálacha geala agus dearga

9 900 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

2.

73,26 heictilítear in aghaidh an heicteáir

3. Cineál fíniúna Parellada

11 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

4.

81,40 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Bardais oileán Mhallarca: Binissalem, Consell, Santa Maria del Camí, Santa Eugenia agus Sencelles.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

CABERNET SAUVIGNON

CALLET

CHARDONNAY

ESCURSAC

GIRÓ ROS

GORGOLLASSA

MACABEO – VIURA

MANTO NEGRO

MERLOT

MOLL – PRENSAL

MONASTRELL

MOSCATEL DE ALEJANDRÍA

MOSCATEL DE GRANO MENUDO

PARELLADA

SYRAH

TEMPRANILLO

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Tá na dálaí aeráide agus ithreach agus na cineálacha fíniúna áitiúla ríthábhachtach do na saintréithe agus don cháilíocht. Tá siad lárnach in aibiú iomlán agus baineann tiúchan níos mó siúcraí, agus léiriú níos fearr ar phróisis le sintéis agus carnadh comhdhúl a bhfuil tionchar cinntitheach acu ar an gcáilíocht: siúcraí, aigéid, comhdhúile aramatacha agus feanólacha. Fágann sé sin gur féidir fíonta a bhraitheann te agus ag a bhfuil neart alcóil maith a dhéanamh.

Fíonta dearga: torthaíoch, te, struchtúrtha agus iarbhlas fada;

Fíonta *rosé*: an-aramatach agus iarbhlas fada;

Fíonta geala: úire agus aramatach agus déine bhlais;

Fíonta súilíneacha geala: úr, galánta, beogacht agus déine;

Fíonta súilíneacha *rosé*: an-aramatach, galánta agus iarbhlas fada.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll

Ní mór an pacáistiú a dhéanamh i bhfíonlanna atá cláraithe i gClár na bhFiontar Buidéalaithe atá lonnaithe sa limistéar faoi chosaint chun cáilíocht na bhfíonta a ráthú, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:

— Ní mór dianfhaireachán a dhéanamh ar dhálaí buidéalaithe;

— D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag iompar fíona neamhphacáistithe ar a cháilíocht;

— Déantar faireachán ag an bhfoinse ar na dálaí buidéalaithe is fearr, áit arb é an taithí maidir le saintréithe sonracha an táirge ráthaíocht cáilíochta agus barántúlachta.

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll

Ní mór ainm an ATFC Binissalem a bheith le feiceáil go soiléir ar an lipéad.

Ní mór séalaí, lipéid nó lipéid thánaisteacha uimhrithe arna n-eisiúint ag an mBord Rialála, nach féidir a úsáid arís, a bheith ar an bpacáistíocht. Ní mór don fhíonlann iad a ghreamú agus ní mór iad a ghreamú san fhíonlann.

**Nasc chuig an tsonraíocht táirge**

https://www.caib.es/sites/qualitatagroalimentaria/es/binissalem-46238/